



An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2016
(OR. en)

9527/16

RECH 209
ATO 39
COMPET 328

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8785/16 RECH ATO COMPET
Ábhar:	An Seachtú Creatchlár Taighde (FP7) agus an tIonchas don Todhchaí: Infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le fás, poist agus réitigh a fháil ar dhúshláin shochaíocha - Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 27/05/2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Seachtú Creatchlár Taighde (FP7) agus an tIonchas don Todhchaí: Infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le fás, poist agus réitigh a fháil ar dhúshláin shochaíocha, a ghlac an Chomhairle ag an 3470ú cruinniú dá cuid an 27 Bealtaine 2016.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

An Seachtú Creatchlár Taighde (FP7) agus an tIonchas don Todhchaí:

**Infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le fás, poist agus réitigh a fháil
ar dhúshláin shochaíocha**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

AG MEABHRÚ DI:

- a cuid Conclúidí ón 9 Márta 2011¹ maidir leis an "Meastóireacht Eatramhach ar an Seachtú Creatchlár Taighde (FP7) lena n-áirítear an tsaoráid airgeadais roinnte riosca";
- a cuid Conclúidí ón 26 Bealtaine² maidir le "Cur chun feidhme an Treochláir don Fhóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde (ESFRI)", lenar léirigh sí gur dhíol sásaimh di go raibh sé beartaithe ag ESFRI a threochlár a nuashonrú in 2015/2016 agus lenar iarradh ar ESFRI leanúint de thosaíocht a thabhairt do thionscadail bhonneagar taighde uile an Treochláir ESFRI;
- na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26-27 Meitheamh 2014³ ina leagtar amach "Clár oibre straitéiseach don Aontas i dtráth an athraithe" gona thosaíochtaí don chéad chúig bliana eile chun tacú le hAontas ina mbeidh poist, fás agus iomaíochas mar shaintréithe de, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh inár ngeilleagair agus iad a ullmhú don todhchaí trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais fhadseasmhacha infheistíochta sa taighde agus sa nuálaíocht (T&I);

¹ 7585/11.

² 10257/14.

³ EUCO 79/14.

- a Conclúidí an 14 Deireadh Fómhair 2014 maidir le "Bearta lena dtacaítear leis an infheistíocht san Eoraip"⁴, agus ina gcuirtear i dtreis gur cheart go mbeadh claonadh níos láidre i dtreo an fháis i gceist leis an gcaiteachas poiblí, go háirithe i dtreo tacú leis an infheistíocht agus gur fíorthábhachtach go deo don timpeallacht infheistíochta é cáilíocht an chaiteachais poiblí i réimsí amhail an Taighde agus an Nuálaíocht, agus comhaontaíonn sí go bhfuil gá le díriú ar phríomhearnálacha a bhfuil breisluach AE acu ionas go gcuirfear dlús leis an iomaíochas agus le hacmhainneacht fáis an Aontais, go háirithe an Taighde agus an Nuálaíocht;
 - a Conclúidí ón 5 Nollaig 2014⁵ maidir le "Taighde agus Nuálaíocht mar fhoinsí fáis athnuaite", lena ndéantar tagairt don ghá atá ann cainníocht agus cáilíocht na n-infheistíochtaí poiblí i réimse an Taighde agus na Nuálaíochta san Eoraip a mhéadú.
1. GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil⁶ chomh maith leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún⁷ agus an Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an Meastóireacht Ex Post⁸ ar an Seachtú Creatchlár (FP7) agus GO dTUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil aghaidh á tabhairt ar go leor de na moltaí ón nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil i bhFís 2020; agus GO BHFUIL SÍ AG TNÚTH leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun moltaí an Ghrúpa Saineolaithe Ardleibhéil a chur chun feidhme sa Mheastóireacht Eatramhach a dhéanfar ar Fhís 2020 in 2017.
 2. GO nAITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go n-oibreofaí ar mhaithe le Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann leanúint de na hiarrachtaí comhpháirteacha chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an Limistéar Eorpach Taighde agus ar an tábhacht a bhaineann le Creatchláir reatha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais agus na creatchláir a bheidh ann amach anseo, mar ionstraimí chun an limistéar sin a fhorbairt tuilleadh.

⁴ 14334/14.

⁵ 16425/14.

⁶ "Tiomantas agus Comhleanúnachas - gnéithe riachtanacha chun go n-éireoidh leis an eolaíocht agus leis an nuálaíocht", Samhain 2015.

⁷ 5475/16 + ADD 1-5.

⁸ Cinneadh 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Creatchlár an Chomhphobail Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt teicneolaíochta agus um ghníomhaíochtaí léirithe (2007–2013): "Dhá bhliain tar éis bailchríoch a chur ar an gCreatchlár seo, déanfaidh saineolaithe neamhspleácha meastóireacht sheachtrach, thar ceann an Choimisiúin, ar an réasúnaíocht, ar an gcur chun feidhme agus ar a bhfuil bainte amach maidir leis an gCreatchlár." (IO L412, 30.12.2006, lch.6).

3. GO nAITHNÍONN SÍ rannchuidiú mór an taighde agus na nuálaíochta don iomaíochas, don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus do phoist inbhuanaithe, agus d'fholláine na saoránach; i ndáil leis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé soiléir go bhfuil creatchlár 7 éifeachtach chun borradh a chur faoin eolaíocht den scoth, chun iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa a neartú, chun cur le poist agus leis an bhfás agus chun dul i ngleic le dúshlán sa tsochaí.
4. GO nAITHNÍONN SÍ an luach a bhaineann le príomh-mholtaí na Tuarascála ón nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil maidir le Creatchláir Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais a leagan amach agus a chur chun feidhme amach anseo agus maidir le cur chun feidhme Fís 2020 a fheabhsú tuilleadh; GO nIARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról a thabhairt do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí go luath sa phróiseas nuair a bheidh Creatchlár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais á ullmhú; agus ar an mbonn sin GO gCUIREANN SÍ na barúlacha seo a leanas CHUN CINN:
- a) CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur bunphrionsabail de Chreachlár reatha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais, agus de na creatchláir a bheidh ann amach anseo, iad **comhar, sármhaitheas agus tionchar** chun go gcuirfear le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le cruthú post agus chun geilleagar ceannródaíoch iomaíoch a thógáil a bheidh bunaithe ar an eolas agus ar an nuálaíocht, lena gcothaítear nuálaíocht oscailte agus eolaíocht oscailte, agus SPREAGANN SÍ an Coimisiún, i dlúthchomhar leis na Ballstáit, féachaint an gá agus an indéanta Comhairle Nuálaíochta Eorpach⁹ a bhunú, agus cén tionchar a bheadh aige sin mar mhodh chun nuálaíocht a chothú lena gcruthófaí margaí nua agus lena gcuíchoireofaí na hionstraimí atá ann cheana;
- b) AITHNÍONN SÍ go bhfuil bearta tábhachtacha déanta ag an gCoimisiún cheana le Fís 2020 chun **an eolaíocht agus an tsochaí** a thabhairt le chéile, agus chun an eolaíocht oscailte a chur chun cinn, agus SPREAGANN SÍ an Coimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh aige chun an eolaíocht a thabhairt níos gaire do na saoránaigh agus ról níos mó a thabhairt do shaoránaigh agus don tsochaí shibhialta maidir le leagan amach straitéiseach na dtosaíochtaí i réimse an Taighde agus na Nuálaíochta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear i ngrúpaí comhairliúcháin agus saineolaithe a bhaineann le Fís 2020;
- c) TACAÍONN SÍ le **cur chuige** láidir **straitéiseach** d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshlán shochaíocha is tábhachtaí agus chun iomaíochas na hEorpa a threisiú trí Chreachlár reatha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais, agus trí na creatchláir a bheidh ann amach anseo, inar cheart cothromaíocht mhaith a choimeád idir taighde faoi stiúir na fiosracha agus Taighde agus Nuálaíocht lena bhféachtar le torthaí a bhaint amach.

⁹ Mar a mholtar sa Teachtaireacht ón gCoimisiún (5475/16).

- d) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méadú atá tagtha ar líon na gcomhpháirtíochtaí fadtéarmacha poiblí-poiblí, poiblí-príobháideacha agus poiblí conarthacha-príobháideacha ó thús an seachtú Creatchlár Taighde agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá a áirithiú go mbainfidh cothromaíocht, comhlántacht agus comhleanúnachas leis na comhpháirtíochtaí agus le **tionscadail chomhoibríocha**, ina mbeidh rannpháirtithe ó thrí Bhallstát nó ó thrí Thír Ghaolmhara éagsúla ar a laghad, rud a chuirfeadh breisluach an Aontais i dtreis, agus go gcuirfí ar bun iad trí ghlaonna ar thograí sna cláir Oibre faoi Chreachlár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá comhleanúnachas na dtionscnamh comhpháirteach a mheas, go háirithe iad siúd atá á gcistiú ag an Aontas, agus dá bhrí sin GO bhFUIL SÍ AG TNÚTH le freagra ó CLET ar an iarraidh a rinne sí ina Conclúidí an 29 Bealtaine 2015 maidir le Treochlár LET 2015-2020¹⁰;
- e) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag na rannpháirtithe (ionchais) uile ar Chreachlár an Aontais maidir le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht agus go mbeidh na cláir sin tarraingteach dóibh trí oscailteacht, trédhearcacht agus cuimsitheacht, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún súil a choimeád ar an ráta rathúlachta le linn na gclár agus a chinntiú go mbainfear an chothromaíocht iomchuí amach idir tionscadail chomhoibritheacha bheaga agus na cinn atá níos mó;
- f) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar líon méadaitheach na líonraí taighde agus nuálaíochta lena mbainfidh líon níos lú rannpháirtithe; CUIREANN SÍ i bhFÁTH go bhféadfadh an Eoraip tairbhe a bhaint as líonraí a bheith oscailte do rannpháirtithe eile (rannpháirtithe nua san áireamh) agus a bheith oscailte chun go mbeidh gníomhaithe in ann aistriú ó imill na líonraí i dtreo lárionaid an chomhair agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs na meastóireachta eatramhaí ar FÍS 2020, anailís a dhéanamh faoinar cheart oscailteacht na líonraí taighde agus nuálaíochta atá á chistiú ag an Aontas a chur chun cinn agus faoin mbealach inar cheart sin a dhéanamh, agus urraim á tabhairt do neamhspleáchas an taighde;

¹⁰ 9351/15, lch. 2.

- g) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na neamhéifeachtúlachtaí a tharlaíonn mar gheall ar fhorluí idir cuspóirí éagsúla na gcodanna difriúla de Chreatchláir reatha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais agus de na Creatchláir a bheidh ann amach anseo agus TACAÍONN SÍ **leis na hiarrachtaí uailmhianacha simplithe** a thionscain an Coimisiún faoin seachtú Creatchlár Taighde agus ar cuireadh leo in Fís 2020, agus MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint den raon feidhme a scrúdú chun go bhféadfaí nithe a shimpliú tuilleadh do rannpháirtithe, amhail FBManna, go háirithe chun go mbeadh siad in ann tairbhe a bhaint as forbairtí teicneolaíocha;
- h) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an tacaíocht a thugtar don nuálaíocht san Aontas ró fhadálach agus róchasta le hiomaíochas domhanda a áirithiú agus le dul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha agus mar sin MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur leis an tacaíocht a thugtar do na próisis a bhaineann le nuálaíochtaí a thabhairt chun an mhargaidh agus chun na sochaí, ionas go gcabhrófar leis an bhfás eacnamaíoch, amhail laghdú a dhéanamh ar an oiread ama a thógann sé le tograí a cheadú;
- i) AITHNÍONN SÍ go gcaithfear **éifeachtacht na n-infheistíochtaí** a dhéantar i dTaighde agus i Nuálaíocht a thomhas agus a thuairisciú mar is cuí agus go gcaithfear faireachán a dhéanamh air sin mar is cuí chun go neartófaí bonn fianaise an bheartais Taighde agus Nuálaíochta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus, nuair is iomchuí, leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, modhanna coiteanna cáilíochtúla agus cainníochtúla meastóireachta, lena n-áirítear samhlacha maicreacnamaíocha agus uirlisí samhaltaithe, a fheabhsú agus a fhorbairt, d'fhonn measúnú córasach a dhéanamh ar an tionchar fadtéarmach agus ar na tairbhí, ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal réigiúnach, a bhaineann le Chreatchláir Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais agus le hinfeistíochtaí poiblí agus príobháideach eile i dTaighde agus i Nuálaíocht; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, clár oibre a chur chun cinn le modhanna coiteanna meastóireachta a fhorbairt, ionas go mbeidh cuntas níos réalaíche acu ar an mbealach ina n-eascraíonn fás eacnamaíoch agus dul chun cinn sochaíoch as cistiú do thaighde agus do nuálaíocht, agus chun go bhféadfaí measúnú córasach a dhéanamh ar na tionchair a ghabhann le cistiú poiblí agus príobháideach ar Thaighde agus ar Nuálaíocht, éifeacht ghíarála an chistithe phoiblí san áireamh;

- j) LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann an leas is fearr a bhaint as na **sonraí stóinsithe** i ndáil le Creatchláir Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais, ar sonraí iad a bhailítear, a ndéantar anailís orthu, a úsáidtear, a athúsáidtear agus a thuairiscítear, gníomhaíochtaí faoi Airteagal 185 agus Airteagal 187 san áireamh, agus i ndáil leis an mbeartas Taighde agus Nuálaíochta i gcoitinne, lena n-áirítear naisc chuig bibliméadrachtaí, bunachair shonraí paitinne, nó trí théacs nua agus uirlisí mianadóireachta sonraí a úsáid, i ndáil le rannpháirtíocht, torthaí agus tionchair fhadtéarmacha d'fhonn faireachán níos fearr a dhéanamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach ó thaobh chuspóirí an chláir a mhéid a bhaineann le haschur, torthaí agus an tionchar socheacnamaíoch, agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá leis na sonraí is déanaí, ardcháilíochta, le measúnú a dhéanamh ar thionchair fhadtéarmacha Chreachláir Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an Aontais, agus an gá atá ann an t-ualach riarachán a bhíonn ar rannpháirtithe a laghdú á chur san áireamh;
- k) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha féachaint ar bhealaí nua, straitéisí speisialaithe cliste san áireamh, le Taighde agus Nuálaíocht a spreagadh agus **le héifeacht ghíarála an chaiteachais poiblí maidir le Taighde agus Forbairt** ar chistiú poiblí agus príobháideach eile don Taighde agus Nuálaíocht a mhéadú, trí **chion** iomchuí deontas agus ionstraimí airgeadais, chomh maith le comhar poiblí-príobháideach a chothú; AITHNÍONN SÍ an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) i ndáil leis an méid sin, chomh maith le saoráidí *InnovFin* faoi Fhís 2020; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún níos mó dea-chleachtais agus treorach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí Taighde agus Nuálaíochta faoin mbealach inar cheart déileáil le CEIS agus tairbhe a bhaint as, trí úsáid a bhaint as seirbhís chomhairleach *InnovFin* faoi Fhís 2020, as an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (EIAH) agus as an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta; agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart, faoi chuimsiú Fhís 2020, aire a thabhairt go n-áiritheofar nach ndéanfar an cistiú atá bunaithe ar iasachtaí a leathnú tuilleadh chun dochair don chistiú taighde agus nuálaíochta atá bunaithe ar dheontais; ba cheart úsáid ionstraimí airgeadais a chothú i gcéimeanna phróiseas an taighde agus na forbartha agus na nuálaíochta, ina bhféadfar éifeachtaí gearála a spreagadh, trí úsáid ionstraimí airgeadais náisiúnta i ngníomhaíochtaí comhchistithe a chumasú freisin;

1) AITHNÍONN SÍ gur gá na cláir oibre beartais, na cláir agus na hionstraimí taighde agus nuálaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a ailíniú ar bhealach níos fearr, agus gur gá tús áite a thabhairt do Thaighde agus do Nuálaíocht thar caiteachas poiblí eile i gcomhthéacs iarrachtaí na mBallstát maidir le comhdhlúthú fioscach, agus SPREAGANN SÍ an Coimisiún leanúint de **shineirgí agus d'ailíniú** a chothú idir beartais, cláir agus sásraí cistiúcháin éagsúla an Aontais, le feidhmíocht agus comhleanúnachas a áirithiú, le srianta dlíthiúla agus srianta rialála nach bhfuil gá leo a íoslaghdú, le breisluach an Aontais a uasmhéadú, agus le forbairt acmhainní eolaíocha agus nuálacha a spreagadh ar fud na hEorpa. I ndáil leis an méid sin, AITHNÍONN SÍ gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit díriú ar leas níos fearr a bhaint as cistí eile an Aontais, amhail Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí ESI), chun tacú le tionscadail (ghaolmhara) Taighde agus Nuálaíochta agus chun freastal ar shaothrú iartheachtach thorthaí an taighde do tháirgí, do sheirbhísí agus do nuálaíochtaí sóisialta indíolta, mar shampla trí Shéala Scothchleachtais.

5. Go gCUIREANN SÍ i bhFÁTH a thábhachtaí agus atá **Bonneagair Thaighde** do Limistéar Eorpach Taighde a bheidh feidhmiúil agus iomaíoch agus GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Straitéise agus Treochlár Athnuaite 2016 a d'fhorbair an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (ESFRI);

a) AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí atá déanta ag an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde le tosaíocht a thabhairt¹¹ do thionscadail bhonneagar taighde maidir le Treochlár ESFRI, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur sainaithníodh Eiseamláirí ESFRI, AITHNÍONN SÍ an ról leanúnach straitéiseach atá ag an bhFóram maidir le barr feabhais eolaíoch agus nuálaíoch a stiúradh san Eoraip agus IARRANN SÍ ar ESFRI súil ghéar a choimeád ar chur chun feidhme a chuid tionscadal, measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar stádas eolaíoch a chuid Eiseamláirí agus ullmhúchán a dhéanamh don chéad nuashonrú eile ar a Threochlár in 2018; AITHNÍONN SÍ go bhfuil níos mó agus níos mó nasc idir bonneagair thaighde agus ríomh-bhonneagar, CUIREANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhar níos treise idir ESFRI agus geallsealbhóirí eile agus MOLANN SÍ na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh acu leis na straitéisí náisiúnta d'infheistíocht ríomh-bhonneagair a chomhordú¹²;

¹¹ 10257/14.

¹² 9360/15.

- b) TUGANN SÍ AITHEANTAS don tacaíocht a thug an Coimisiún le linn céimeanna ullmhúcháin thionscadail an Fhórait Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde agus don ghá atá ann leanúint de thacaíocht a thabhairt chun go bhforbrófar cuibhreannais ERIC; IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí maidir le treochláir náisiúnta do Bhonneagair Taighde a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta a bheidh ag luí le próiseas an Fhórait Eorpaigh Straitéise um Bonneagair Thaighde (FESBT), ar próiseas maidir le treochlárú é, agus cistiú iomchuí a áirithiú chun iad a chur chun feidhme go tráthúil; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid a bhaint as CEIS le gur fusa a bheidh sé na tionscadail sin a chur chun feidhme; CUIREANN SÍ i bhFÁTH a thábhachtaí atá sé **inbhuanaitheacht fhadtéarmach** na mbonneagar taighde a áirithiú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta spriocdhírithe a ullmhú i gcomhar leis an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde agus leis na geallsealbhóirí ábhartha. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Chairt um Rochtain ar Bhonneagair Taighde mar ionstraim oscailte eolaíochta lena bhféadfaí teacht ar chomhthuiscint agus ar chomhchuibhiú i ndáil le beartais rochtana agus iad á scaipeadh sa Limistéar Eorpach Taighde agus níos faide i gcéin.
-